

SPRIOCANNA 
UM FHORBAIRT
INBHUANAITHE



GO GOALS!

Ag spraoi agus ag tógáil na todhchaí

www.go-goals.org

A Chairde!


Is é an aidhm atá againn anseo ná cuidiú le daoine an ról atá á ghlacadh acu i dtodhchaí an phláinéid a thuiscint, mar dhaoine aonair, mar imreoirí foirne agus, rud is tábhachtaí fós, mar shaoránaigh dhomhanda fhreagracha.

Chun domhan níos fearr a chruthú don phláinéad agus do gach duine a chónaíonn air, d'aontaigh Ballstáit na Náisiún Aontaithe a seacht ndícheall a dhéanamh na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) a bhaint amach roimh 2030. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh na glúnta óga ina bpríomhpháirtithe chun todhchaí níos fearr a chruthú. De dheasca sin, chruthaíomar an cluiche "Go Goals!" do pháistí idir 8 agus 10 mbliana d'aois. Cluiche spráúil mealltach is ea é, lena dtugtar eolas do pháistí fad is a spreagann sé iad chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

Tá do ról féin mar oideoir ríthábhachtach! Le daoine cosúil leatsa, le do theaghlach, do chomhghleacaithe agus do phobal, éireoidh linn na Spriocanna a bhaint amach. Fiú na céimeanna is lú, déanfaidh siad difríocht mhór má ghlacann na milliúin duine timpeall an domhain páirt iontu!

Tá súil againn go mbainfidh tusa agus na páistí sult as an gcluiche seo! Tugtar cuireadh duit é a íoslódáil agus na treoracha agus na rialacha thíos a leanúint.

Go raibh maith agat as domhan níos fearr a chruthú!



CONAS AN CLUICHE A IMIRT
Tá 63 epás ar an gclár imeartha. Bogann imreoirí ar aghaidh de réir na huimhreach a fhaigheann siad nuair a chaitheann siad an dísele uair amháin.

Cuireann gach duine a gcomharthaí ag an Tús.

Caitheann na himreoirí an dísele ar a seal féin agus bogann siad ar aghaidh de réir na huimhreach ar an dísele.

Má stopann imreoir ag bun dréimire, is féidir dreapadh aníos láithreach.

Má stopann imreoir ag barr sleamhnáin uisce, bogann siad díreach go bun an tsleamhnáin.

CONAS NA SPRIOCANNA DOMHANDA A BHAINN AMACH
Tosaíonn an t-athrú linn go léir. Caithimid a bheith cinnte go bhfullimid ar an eolas faoi cad is cúis le fadhbanna an domhain agus conas na fadhbanna sin a réiteach. Ansin beimid in ann rudai beaga dearfacha a dhéanamh gach lá: ó chomhrá cuiditheach a bheith againn lenár dteaghlaigh, ár gcairde agus ár bpobail go rialtais a ghríosú chun éisteacht le cúraimí a gcuid saoránach.




Is é an chéad imreoir a shroicheann '2030' buaiteoir an chluiche!
Má tá an t-imreoir gar don sprioc, ach má fhaightear níos mó ar an dísele ná is gá, téigh ar aghaidh go '2030' ach ansin bog ar ais na céimeanna breise.

Má stopann imreoir ar cheann de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (1-17), piocar cárta as an bpaca leis an uimhir sin air. Ba chóir d'imreoir eile an cheist a léamh amach. Má thugann an t-imreoir freagra ceart, caitear an dísele arís.



NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE


Tá seacht sprioc déag ann chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, chun an pláinéad a chosaint agus chun rathúnas a chinntiú do chách.



1. DEIREADH LE BOCHTANAS
 DEIREADH A CHUR LE GACH CINEÁL BOCHTAINÉACHTA AR FUD AN DOMHAIN



2. DEIREADH LE HOCRAS
 DEIREADH A CHUR LEIS AN OCRAS, SLÁNDÁIL BIA AGUS COTHÚ NÍOS FEARR A BHAINT AMACH AGUS TALMHAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN



3. DEASHLÁINTE AGUS DEAFHOLLÁINE
 MAIREACTÁIL FHOLLÁIN A CHINNTIÚ AGUS FOLLÁINE A CHUR CHUN CINN DO GACH DUINE, IS CUMA CÉN AOIS



4. OIDEACHAS DEN SCOTH
 OIDEACHAS ARDCHAIGHDEÁIN, CUIMSITHEACH AGUS COTHROM A CHINNTIÚ, AGUS DEISEANNA FOGHLAMA AR FEADH AN TSAOIL A CHUR CHUN CINN DO CHÁCH



5. COMHIONANNAS INSCNE
 COMHIONANNAS INSCNE A BHAINT AMACH, AGUS NA MNÁ AGUS NA CAILÍNÍ UILE A CHUMASÚ



6. UISCE AGUS SLÁINTÍOCHT ATÁ GLAN
 FÁIL AR UISCE AGUS BAINISTÍOCHT INBHUANAITHE AR UISCE AGUS AR SHLÁINTÍOCHT A CHINNTIÚ DO CHÁCH



7. FUINNEAMH INACMHAINNE AGUS GLAN
 ROCHTAIN A CHINNTIÚ DO CHÁCH AR FHUINNEAMH INACMHAINNE, IONTAOFÁ, INBHUANAITHE AGUS NUA-AIMSEARHTHA




8.



OBAIR FHÓNTA AGUS FÁS SA GHEILLEAGAR

FÁS GEILLEAGRACH SEASMHACH, CUIMSITHEACH AGUS INBHUANAITHE, LÁNFHOSTAÍOCHT THÁIRGIÚIL AGUS OBAIR CHUIBHÍUIL A CHUR CHUN CINN DO CHÁCH


9.



TIONSCLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS INFREASTRUCHTUR

BONNEAGAR SEASMHACH A THÓGÁIL; TIONSCLAÍOCHT CHUIMSITHEACH, INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN AGUS AN NUÁLAÍOCHT A CHOThÚ

10.



NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

AN NEAMHIONANNAS LAISTIGH DE THÍORTHA AGUS IDIR TÍORTHA A MHAOLÚ

11.



CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

CATHRACHA AGUS LONNAÍOCHTAÍ DO DHAOINE A DHÉANAMH CUIMSITHEACH, SÁBHÁILTE, SEASMHACH AGUS INBHUANAITHE

12.



IDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

PATRÚIN TOMHALTAIS AGUS TÁIRGÍOCHTA INBHUANAITHE A CHINNTIÚ

13.



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

GNÍOMHÚ GO PRÁINNEACH CHUN DUL I NGLEIC LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS A THIONCHAR

14.



AN SAOL FAOIN UISCE

NA HAIGÉIN, NA FARRAIGÍ AGUS NA HACMHAINNÍ MARA A CHAOMHNÚ AGUS A ÚSÁID AR SON NA FORBARTHA INBHUANAITHE

15.



AN SAOL AR AN TALAMH

ÉICEACHÓRAIS TALÚN A CHOSAINT AGUS A ATHSHLÁNÚ, AGUS A NÚSÁID INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN, FORAOISÍ A BHAINISTIÚ AR MHODH INBHUANAITHE, FAIRSINGIÚ FÁSAIGH A CHOMHRAÇ, DÍGHRÁDÚ TALÚN A STOPADH AGUS A AISIOMPÚ AGUS DEIREADH A CHUR LE CAILLIÚINT NA BITHÉAGSÚLACHTA

16.



SÍOCHÁIN AGUS CÓIR INSTITIÚIDÍ LAÍDRE

SOCHAITHE SÍOCHÁNTA CUIMSITHEACHA A CHUR CHUN CINN AR MHAITHE LE FORBAIRT INBHUANAITHE; ROCHTAIN AR AN GCEARTAS A SHOLÁTHAR DO CHÁCH; AGUS INSTITIÚIDÍ ATÁ ÉIFEACHTACH, CUNTASACH AGUS CUIMSITHEACH A CHOThÚ AG GACH LEIBHÉAL

17.




COMHPHÁIRTÍOCHTÍ AR SON NA SPRIOCANNA

NA MODHANNA CUR CHUN FEIDHME A NEARTÚ AGUS AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA A ATHBHEOCHAN I NDÁIL LEIS AN BHFORBAIRT INBHUANAITHE


DÉAN DUIT FÉIN É

DÍSLE



CAD ATÁ UAIT



1. Printéir (ceann daite más féidir) do bhileoga A4 agus A3
2. bileoga A4 agus bileoga A3
3. Siosúr
4. Gliú
5. Pinn dhaite



ULLMHÚCHÁN

1. Gearr amach an dísle agus na comharthaí imeartha
2. Bain spraoi as do chuid comharthaí imeartha féin a chruthú agus a dhathú
3. Greamaigh an dísle agus na comharthaí imeartha le gliú.

COMHARTHA IMEARTHA



GO RAIBH MAITH AGAT AS IMIRT LINN!

Fan i dteagmháil agus bí bainteach linn mar seo a leanas:

- Cláraigh ar an suíomh idirlín le haghaidh nuacht faoin gcluiche a fháil ar an ríomhphost. Gheobhaidh tú an t-eolas is déanaí faoi ceisteanna, eolas faoi leaganacha den chluiche i dteangacha nua agus a lán eile.
- Seol moltaí agus aiseolas chugainn. Inis dúinn faoi conas a d'éirigh leat leis an gcluiche, cad a cheapann na páistí, agus conas is féidir linn an cluiche a fheabhsú.
- Seol chugainn ceisteanna nua don chluiche.
- Scaip an scéal ar na meáin shóisialta leis an haischlib #SDGGame (scaip agus clibeáil tú féin ag imirt. Ba bhreá linn na pictiúir agus na físeáin sin a thaispeáint ar ár gcuid ardán meán sóisialta)

Chun páirt a ghlacadh i leagan teanga ar leith agus chun tuilleadh eolais a fháil, scríobh chuig: info@go-goals.org



Chruthaigh agus dhear Lárionad Eolais Réigiúnach na Náisiún Aontaithe (UNRIC) an cluiche cláir seo faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, "Go Goals!", i gcomhpháirtíocht leis an ealaíontóir Yacine Ait Kaci (YAK), an té a chruthaigh Elyx.

Tá cead an cluiche cláir "Go Goals!" a atáirgeadh gan cead a fháil roimh ré, má dháiltear é saor in aisce. Tá na líníochtaí de chuid YAK sa chluiche cláir seo faoi chosaint cóipchirt agus ní féidir iad a úsáid ach chun na SFlanna a léiriú. Ní mór d'fhoilsitheoirí na creidiúintí cuí a chur san áireamh.

Má tá ceisteanna nó moltaí agat faoin gcluiche, scríobh chuig info@go-goals.org.